CREATIVE IRELAND

# ROSCOMMON

# ROS COMÁIN

ÉIRE ILDÁNACH

Culture and Creativity Plan 2017

*Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017*

**creative.ireland.ie**

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022

# Creative Ireland Roscommon
# *Ros Comáin Éire Ildánach*

## Contents
ÁBHAR


| | | |
|---|---|---|
| Foreword | 4 | Réamhrá |
| The Creative Ireland Programme | 6 | Clár Éire Ildánach |
| The Creative Ireland Team in Roscommon | 8 | Foireann Chláir Éire Ildánach i Ros Comáin |
| Implementation | 10 | Forfheidhmiú |
| Projects for 2017 | 12 | Tionscadail don bhliain 2017 |
| Promotional Events 2017 | 15 | Imeachtaí Poiblíochta 2017 |
| Conclusion | 18 | Conclúid |


Comhairle Contae Ros Comáin
Roscommon County Council

FIRST EDITION | AN CHÉAD EAGRÁN

# Foreword
## RÉAMHRÁ

Roscommon County Council welcomes Creative Ireland, a legacy programme building on the success of the Ireland 2016 Centenary Programme which called on local authorities to engage with and support local communities in delivering a programme of events which complemented the national initiative. The people of Roscommon responded to the invitation to Reflect, Remember and Reimagine and facilitated by Roscommon County Council, community groups, arts venues, organisations and artists held a wide range of events and commemorations across the county.

In response to this call by Creative Ireland, Roscommon County Council has set up a Culture Team which is representative of the key local authority services which includes the arts, libraries, heritage and community, in keeping with the co-operative approach taken by Creative Ireland nationally. We believe that culture is not static, that it is always changing and evolving. We believe in access by all to all of our programmes, we believe strongly in collaboration and in the ongoing need to share resources, to share ideas and to create opportunities for and with everyone to play a part in creatively shaping our county. We truly believe that creativity in all forms is treasured in Roscommon.

For centuries, our artists, writers and creators have expressed our collective identities in story, song, dance, ritual, celebration and commemoration. In embracing Creative Ireland, Roscommon County Council recognises the relationship between creativity, participation and resources. This initiative provides an opportunity to encourage a multiplicity of voices and forms of expression, from which new ideas can emerge and old stories can be retold. The Athlone born author John Broderick talks of the 'limitless sky' of the midlands, through Creative Ireland, Roscommon can continue to express the limitless nature of its rich creative vein.

**Eugene Cummins**
Chief Executive

**Tony Ward**
Cathaoirleach

Cuireann Comhairle Contae Ros Comáin fáilte roimh Éire Chruthaitheach, ar chlár leagáide é ag tógáil ar an rath a bhí ar Chlár Comórtha Céad Bliain Éire 2016 a d'iarr ar údaráis áitiúla a bheith rannpháirteach agus tacú le pobail áitiúla maidir le clár imeachtaí a sholáthar a bhí ag teacht leis an tionscnamh náisiúnta. D'fhreagair muintir Ros Comáin don chuireadh maidir le Machnamh, Cuimhneamh agus Athshamhlú agus le cúnamh ó Chomhairle Contae Ros Comáin, grúpaí pobail, ionaid ealaíona, eagraíochtaí agus ealaíontóirí cuireadh réimse leathan imeachtaí agus gníomhaíochtaí comórtha ar siúl ar fud an chontae.

Mar fhreagra ar an nglaoch seo ag Éire Chruthaitheach tá Comhairle Contae Ros Comáin tar éis Foireann Chultúir a bhunú atá ionadaíoch maidir le príomhsheirbhísí an údaráis áitiúil ar a n-áirítear na healaíona, leabharlanna, oidhreacht agus an pobal, ag teacht leis an gcur chuig comhoibríoch atá ag Éire Chruthaitheach go náisiúnta. Creidimid nach bhfuil cultúr gan athrú, go mbíonn sé ag athrú agus ag forbairt de shíor. Creidimid gur chóir go mbeadh rochtain ag cách ar ár gcláir, creidimid go láidir i gcomhoibriú agus sa ghá leanúnach atá le hacmhainní a chmhroinnt, le smaointe a chomhroinnt agus le deiseanna a chruthú do agus le cách páirt a ghlacadh i múnlú ár gcontae go cruthaitheach. Creidimid go láidir go bhfuil ardmheas ar gach cineál cruthaitheachta i Ros Comáin.

Leis na céadta bliain tá ár n-ealaíontóirí, ár scríbhneoirí agus ár gcruthaitheoirí tar éis ár bhféiniúlachtaí comhchoiteann a chur in iúl i scéalaíocht, amhránaíocht, rince, deasghnáth, ceiliúradh agus comóradh. Agus í ag glacadh le hÉire Chruthaitheach, aithníonn Comhairle Conate Ros Comáin an gaol atá idir cruthaitheacht, rannpháirtíocht agus acmhainní. Tugann an tionscnamh seo deis le guthanna agus bealaí éagsúla curtha in iúl a spreagadh, as ar féidir le smaointe nua teacht chun cinn agus athinsint a bheith ar sheanscéalta. Labhraíonn an t-údar John Broderick, a rugadh i mBaile Átha Luain, ar 'limitless sky' lár tíre, trí Éire Chruthaitheach, is féidir le Ros Comáin leanúint le nádúr gan teorainn a féith chruthaitheach a chur in iúl.

**Eugene Cummins**
Chief Executive

**Tony Ward**
Cathaoirleach

# The Creative Ireland Programme
## AN CLÁR ÉIRE CHRUTHAITHEACH

The Creative Ireland Programme is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 – a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. It is a high-level, high-ambition, all-of-government initiative to mainstream creativity in the life of the nation so that individually and collectively, in our personal lives and in our institutions, we can realise our full creative potential.

The Creative Ireland Programme is a culture-based programme designed to promote individual, community and national wellbeing. The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement.

The Creative Ireland Programme is also the main implementation vehicle for the priorities identified in the Government's policy document, Culture 2025- Éire Ildánach, which states that arts and culture are intrinsic to the Irish State, acknowledges the need to increase access to and participation in the arts, boost our creative industries, and preserve our heritage with a particular focus on language, landscape and the environment.

The programme is built around the themes of identity, culture and citizenship.

The core operating principles are Collaboration and Communication, Community Empowerment and Internationalisation.

Local authorities have a crucial role in the overall local delivery of the entire Creative Ireland programme and are exclusively mandated, through their culture teams, to deliver Pillar 2 of the programme – Enabling Creativity in Every Community. This devolution of responsibility for Creative Ireland to local authorities is inspired by the extraordinary impact of collaborative local authority co-ordinated projects for the centenary of 1916.

Is Clár Leagáide an Rialtais d'Éire 2016 é Clár Éire Chruthaitheach – tionscnamh cúig bliana, ó 2017 go dtí 2, a chuireann cruthaitheacht i gcroílár pholasaí poiblí. Is tionscnamh ardleibhéil, ard-uaillmhéine, uile-rialtais atá ann le cruthitheacht a bheith i lár srutha i saol an náisiúin i dtreo is gur féidir linn ár n-acmhainn iomlán indibhidiúil agus i dteannta a chéile, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, a bhaint amach.

Is clár cultúr-bhunaithe atá sa Chlár Éire Chruthaitheach a ceapadh le folláine indibhidiúil, pobail agus náisiúbnta a chur chun cinn. Is í an tairiscint lárnach ná go dtiomáineann rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha cruthaitheacht phearsanta agus chomhchoiteann, le himpleachtaí suntasacha d'fholláine agus do ghaisce indibhidiúil agus sochaíoch.

Is í Éire Chruthaitheach an príomhbhealach forfheidhmithe maidir leis na tosaíochtaí a aithníodh i ndoiciméad polasaí an Rialtais, Cultúr 2025- Éire Ildánach, ina ndeirtear go bhfuil na healaíona agus cultúr lárnach do Stát na hÉireann, ag aithint an gá atá le níos mó rochtana agus rannpháirtíochta sna healaíona, ár dtionscail chruthaitheacha a spreagadh, agus ár n-oidhreacht a chaomhnú le fócas ar leith ar theanga, tírdhreach agus an comhshaol.

Tá an clár tógtha thart ar na téamaí a bhaineann le féiniúlacht, cultúr agus saoránacht.

Is iad na príomhphrionsabail oibriúcháin ná Comhoibriú, agus Cumarsáid, Cumasú an Phobail agus Idirnáisiúnú.

Tá ról ríthábhachtach ag údaráis áitiúla maidir le soláthar foriomlán áitiúil an chláir iomlán Éire Chruthaitheach agus sainordú acu, trína dtéamaí cultúir, le Colún 2 den chlár a sholáthar – Cruthaitheacht a Chumasú i nGach Pobal. Tá dílárú freagrachta maidir le hÉire Chruthaitheach chuig údaráis áitiúla spreagtha ag tionchar suaithinseach nd dtionscadal comhordaithe do chomóradh céad bliain 1916 ag údarás áitiúil comhoibríoch.

Leagann an Plean seo amach tús na páirte ag Ros Comáin ar an turas cúig bliana seo, ar thionscnamh polasaí tábhachtach náisiúnta é dírithe ar chultúr agus folláine.

Soláthraíonn an doiciméad seo roghbhlúire de na gníomhaíochtaí atá ar siúl faoi láthair agus ar an bhforbairt atá ag teacht leis na mianta agus na polasaithe a thiomáineann Clár Éire Chruthaitheach 2017 – 2022. Ag leanúint ar seo déanfar Plean Cultúir 2018-2022 a ullmhú do Ros Comáin a bheidh le foilsiú i bhfómhar 2017.

This Plan sets out the beginning of Roscommon's part in this five-year journey, a truly important national policy initiative centred on culture and wellbeing.

This document provides a snapshot of activities currently taking place and in development that have synergies with the aspirations and policies driving the Creative Ireland Programme 2017 – 2022. Following on from this a Culture Plan 2018-2022 for Roscommon will be prepared for publication in autumn 2017.

# The Creative Ireland Team in Roscommon

## FOIREANN CHLÁIR ÉIRE CHRUTHAITHEACH I ROS COMÁIN

### Majella Hunt

**Director of Services and Creative Ireland Coordinator**

The Culture Team leading the Creative Ireland Programme in County Roscommon will be coordinated by Majella Hunt, Director of Services. Majella is one of 31 national coordinators who work as a national team to deliver the Creative Ireland Programme. With over 35 years service in the local authority sector she has experience in working with all stakeholders, voluntary, community groups, the public and welcomes the opportunity to lead the team and deliver on the Creative Ireland Programme in Roscommon

**Stiúrthóir Seirbhísí agus Comhordaitheoir Éire Chruthaitheach**

Beidh comhordú á dhéanamh ag an Stiúrthóir Seirbhísí Majella Hunt, ar an bhFoireann Cultúir a bheidh i mbun an Chláir Éire Chruthaitheach i gContae Ros Comáin. Tá Majella ar dhuine den 31 comhordaitheoir náisiúnta a oibríonn mar fhoireann náisiúnta d'fhonn an Clár Éire Chruthaitheach a thabhairt i gcrích. Le breis agus 35 bliain seirbhíse san earnáil údaráis áitiúil, tá taithí aici ar bheith ag obair le gach páirtí leasmhar, le hoibrithe deonacha, grúpaí pobail agus leis an bpobal, agus fáiltíonn sí roimh an deis a bheith i gceannas ar an bhfoireann agus Clár Éire Chruthaitheach a sholáthar i Ros Comáin.

### Mary Mullins

**Arts Officer**

Mary Mullins is Arts Officer with Roscommon County Council. She is passionate about the potential impact of the arts on people and believes that through the arts and culture, the individual finds the space and freedom for expression and creativity. Mary believes strongly in the ongoing support of local artists and this opportunity under Creative Ireland.

**Oifigeach Ealaíon**

Is Oifigeach Ealaíon le Comhairle Contae Ros Comáin í Mary Mullins. Tá sí díograiseach maidir leis an tionchar a fhéadfadh a bheith ag na healaíona ar dhaoine agus creideann sí gur tríd na healaíona agus trí chultúr a aimsíonn an duine an spás agus an saoirse len iad féin a chur in iúl agus do chruthaitheacht. Creideann Mary go láidir i dtacaíocht leanúnach a thabhairt d'ealaíontóirí áitiúla agus sa deis seo faoi Éire Chruthaitheach.

### Mary Butler

**A/County Librarian**

Mary Butler is the A/County Librarian for County Roscommon. She has worked in the public library service for 35 plus years with a wide experience of cultural and heritage events. She has collaborated with various community groups as part of the Library's outreach programmes.

**A/Leabharlannaí Contae**

Is í Mary Butler an A/Leabharlannaí Contae do Chontae Ros Comáin. D'oibrigh sí sa tseirbhís leabharlainne poiblí ar feadh breis agus 35 bliain le taithí fhairsing aici ar imeachtaí cultúrtha agus oidhreachta. Tá sí tar éis comhoibriú le grúpaí pobail éagsúla mar chuid de chláir fhor-rochtana na Leabharlainne.

### Nollaig Feeney

**Oifigeach Oidhreachta**

Nollaig Feeney, Heritage Officer, works to gather heritage data, raise awareness and promote best practice in heritage conservation and management. The Heritage office works closely with communities all around County Roscommon to care for our built, natural and cultural heritage.

**Heritage Officer**

Oibríonn an tOifigeach Oidhreachta, Nollaig Feeney le sonraí oidhreachta a thiomsú, feasacht a ardú agus dea-chleachtas a chur chun cinn i gcaomhnú agus i mbainistiú na hoidhreachta. Oibríonn an oifig Oidhreachta go dlúth leis an bpobal ar fud Chontae Ros Comáin le haire a thabhairt dár n-oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha.



### Christina Fannon

**Corporate Affairs**

Christina Fannon is an Administrative Officer in Corporate Affairs. As a member of the Culture Team she was involved in the inaugural launch of the Creative Ireland Initiative in Roscommon. Christina is looking forward in continuing to work with the Team in delivering the projects and initiatives to promote Creative Ireland in the county during 2017 and beyond.

**Gnóthaí Corparáideacha**

Is Oifigeach Riaracháin i nGnóthaí Corparáideacha í Christina Fannon. Bhí sí rannpháirteach, mar bhall den Fhoireann Chultúir, sa chéad seoladh ar an tionscnamh Éire Chruthaitheach i Ros Comáin. Tá Christina ag tnúth le leanúint ag obair leis an bhFoireann d'fhonn na tionscnaimh agus na tionscadail a thabhairt i gcrích le hÉire Chruthaitheach a chur chun cinn sa chontae i rith 2017 agus ina dhiaidh sin.

### Louise Ward

**Head of LEO**

Louise Ward has worked with Roscommon County Enterprise Board since 1998 and is currently the Head of Enterprise with Roscommon County Council. She has 20 years experience working with Micro businesses and works closely with local, regional and national organisations and groups involved in economic development.

**Ceannasaí LEO**

D'oibrigh Louise Ward le Bord Fiontar Chontae Ros Comáin ó 1998 agus faoi láthair tá sí mar Cheannasaí ar Fhiontar le Comhairle Contae Ros Comáin. Tá taithí 20 bliain aici ag obair le Micreaghnóthaí agus oibríonn sí go dlúth le heagraíochtaí agus grúpaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta atá rannpháirteach i bhforbairt gheilleagrach.

### Averyl Dooher

**Director Roscommon Arts Centre**

Averyl Dooher is the Director of Roscommon Arts Centre. The multi-disciplinary centre includes a theatre, workshop and gallery spaces. The centre also commissions, co-produces and offers residency opportunities to artists at all stages of their careers. The Arts Centre programme includes theatre, visual art, music dance literature and comedy.

**Stiúrthóir Ionad Ealaíon Ros Comáin**

Is Stiúrthóir ar Ionad Ealaíon Ros Comáin í Averyl Dooher. Áirítear amharclann, ceardlann agus spásanna dánlainne san ionad ildisciplíneach. Déanann an t-ionad freisin coimisiúnú, comh-léiriú agus deiseanna cónaitheachta a thairiscint d'ealaíontóirí ag gach staid dá ngairmréim. Áirítear amharclann, amharc-ealaín, ceol, rince, litríocht agus coiméide i gclár an Ionaid Ealaíon.

### Gillian Hoare

**Community and Enterprise**

Gillian Hoare works with the Arts Officer in delivering the Arts Programme for Roscommon County Council. She works closely with Arts Communities throughout the county in support of their work.

**Pobal agus Fiontraíocht**

Oibríonn Gillian Hoare leis an Oifigeach Ealaíon d'fhonn an Clár Ealaíon a sholáthar do Chomhairle Contae Ros Comáin. Oibríonn sí go dlúth leis na Pobail Ealaíon ar fud an chontae ag tacú lena gcuid oibre.

### Culture Team Administrative Support

**Patricia Bohan**, Corporate Affairs

**Jacinta Carlos Ward**, Community and Enterprise

**Colm Kelly**, Enterprise Department

**Patricia Bohan**, Corporate Affairs

**Jacinta Carlos Ward,** Community and Enterprise

**Colm Kelly**, Enterprise Department

# Implementation
## FORFHEIDHMIÚ

Roscommon County Council and the Creative Ireland Project Office hosted an open meeting on 6 March, 2017 at Áras an Chontae, Roscommon. The meeting was attended by members of the national Creative Ireland team, the Roscommon Culture Team and members of the public representing the arts, culture and community and voluntary sectors.

An overview of the Creative Ireland Programme 2017-2022 was presented to the meeting followed by facilitated round table discussions. This provided an opportunity to discuss the Programme and to explore opportunities to increase access, engagement and collaboration in the local arts and creative industries in County Roscommon. The input from the discussions informed the content of this document which will underpin the Culture Plan 2018-2022.

Roscommon County Council acknowledges that community partnership is a key aspect of this programme, and intends to interact and communicate with our audiences as follows:

- Identify and inform partners and audiences via mailing lists and databases
- Provision of regular updates on our social media channels: - Twitter and Facebook.
- Roscommon County Council's website www.roscommon.ie/
- Regular updates to all stakeholders
- Active partnership with Public Participation Network (PPN)
- Updates in the Chief Executive's Monthly and Quarterly Reports to the Elected Members
- Roscommon County Heritage Forum
- Presentation to the Housing and Corporate Strategic Policy Committee
- Regular features in local media outlets promoting Creative Ireland opportunities, activities and events.

Rinne Comhairle Contae Ros Comáin agus Oifig Tionscadail Éire Chruthaitheach óstáil ar chruinniú oscailte ar 6ú Márta, 2017 ag Áras an Chontae, Ros Comáin. Rinne baill d'fhoireann náisiúnta Éire Chruthaitheach, Foireann Chultúir Ros Comáin agus baill den phobal freastal air le hionadaíocht á thabhairt acu d'earnálacha na n-ealaíona, a chultúir, pobail agus deonach.

Cuireadh léargas ginearálta ar Chlár Éire Chruthaitheach 2017-2022 i láthair ag an gcruinniú le plé comhchéime á éascú ina dhiaidh. Thug seo deis an Clár a phlé agus le féachaint ar dheiseanna le rochtain, rannpháirtíocht agus comhoibriú a mhéadú sna healaíona áitiúla agus na tionscail chruthaitheacha i gContae Ros Comáin. Chuir ionchur an phlé seo ábhar an doiciméid seo ar an eolas a bheidh mar theca leis an bPlean Cultúir 2018-2022.

Atihníonn Comhairle Contae Ros Comáin go bhfuil comhpháirtíocht an phobail mar ghné ríthábhachtach sa chlár seo, agus é ar intinn idirghníomhú agus cumarsáid a dhéanamh lenár lucht spéise mar seo a leanas:

- Comhpháirtithe agus lucht spéise a aithint agus a chur ar an eolas trí liostaí seachadta agus bunachair sonraí
- Nuashonruithe a sholáthar go rialto ar ár gcainéil meán sóisialta: - Twitter agus Facebook.
- Suíomh gréasáin Chomhairle Contae Ros Comáin www.roscommon.ie/
- Gach páirtí leasmhar a choimeád ar an eolas go rialta
- Comhpháirtíocht ghníomhach le Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP)
- Nuashonruithe i dTuarascálacha Míosúla agus Ráithiúla an Phríomhfheidhmeannaigh do na Baill Tofa
- Fóram Oidhreachta Chontae Ros Comáin
- Léiriú don Coiste um Beartais Straitéiseacha Tithíochta agus Corparáideach
- Gné-ailt rialto sna meáin áitiúla le deiseanna, gníomhaíochtaí agus imeachtaí Éire Chruthaitheach á gcur chun cinn.

# Projects 2017
## TIONSCADAIL 2017

### CREATIVE IRELAND PROGRAMME FUNDED PROJECTS FOR 2017

As part of the Creative Ireland programme for 2017 Roscommon County Council is preparing two documents, this Plan which sets out projects/ initiatives for 2017 and the Culture Plan 2018-2022 will be developed and completed by the end of 2017. The Culture Plan 2018-2022 will be developed in consultation with the community and all stakeholders and will have regard to the core pillars identified in the Creative Ireland Programme.

### CRUINNIÚ NA CÁSCA

Cruinniú na Cásca, the new national day of culture and creativity, took place on Monday 17th April 2017. As part of Cruinniú na Cásca, Roscommon County Council collaborated with Roscommon County Fleadh to host and fund Workshops on Traditional Music, Song and Dance. The workshops were free of charge, enjoyable and entertaining.

The Culture Team has identified and agreed the following projects/initiatives for Roscommon in 2017 under the Creative Ireland Programme – Stage 1. The projects will support, consolidate and expand existing initiatives/events and enrich them through the support of Creative Ireland.

In addition funding will be available under Stage 2 for local groups who wish to organise a community/cultural event in 2017. The key objective of the fund is to provide support to local and community event organisers for activities and projects that will encourage creativity and cultural participation. The fund is administered by Roscommon County Council and projects/ activities will be evaluated by the Roscommon Culture Team. Details of the fund will be advertised in June.

### TIONSCADAIL MAOINITHE AG CLÁR ÉIRE CHRUTHAITHEACH DO 2017

Mar chuid den chlár Éire Chruthaitheach do 2017 tá dhá dhoiciméad á n-úllmhú ag Comhairle Contae Ros Comáin, déanfar an Plean seo, a leagann amach tionscadail/tionscnaimh do 2017 agus Plean Cultúir 2018-2022, a fhorbairt agus a chríochnú faoi dheireadh 2017. Déanfar Plean Cultúir 2018-2022 a fhorbairt i gcomhar leis an bpobal agus gach páirtí leasmhar agus tógfar ceann de na colúin lárnacha a aithníodh sa Chlár Éire Chruthaitheach.

### CRUINNIÚ NA CÁSCA

Bhí Cruinniú na Cásca, an lá nua náisiúnta cultúir agus cruthaitheachta, ar siúl ar an Luan 17ú Aibreán 2017. Mar chuid de Chruinniú na Cásca, bhí Comhairle Contae Ros Comáin ag comhoibriú le Fleadh Chontae Ros Comáin le hóstáil agus maoiniú a dhéanamh ar Cheardlanna ar Cheol, Amhránaíocht agus Rince Traidisiúnta. Bhí na ceardlanna saor in aisce, taitneamhach agus siamsúil.

Tá na tionscadail/tionscnaimh seo a leanas aitheanta agus aontaithe ag an bhFoireann Chultúir do Ros Comáin i 2017 faoin gClár Éire Chruthaitheach – Céim 1. Déanfaidh na tionscadail tacú, comhdhlúthú agus méadú ar an tionscnaimh/ imeachtaí atá ann agus iad a shaibhriú trí thacaíocht ó Éire Chruthaitheach.

Ina theannta sin beidh maoiniú ar fail faoi Chéim 2 do ghrúpaí áitiúla ar mhian leo imeacht phobail/chultúrtha a eagrú i 2017. Is é príomhchuspáoir an chiste ná tacaíocht a sholáthar do lucht eagraithe imeachta áitiúil agus pobail do ghníomhaíochtaí agus tionscadail a spreagfadh cruthaitheacht agus rannpháirtíocht chultúrtha. Déanann Comhairle Contae Ros Comáin an ciste a riaradh agus déanfaidh Foireann Chultúir Ros Comáin tionscadail/gníomhaíochtaí a mheas. Fógrófar mionsonraí maidir leis an gciste sa Mheitheamh.



### STAGE 1 INITIATIVES/PROJECTS

**1. Lollypops Children's Festival**
The festival will enable, encourage and support increased participation in the annual children's arts festival.

**2. CoderDojo**
The project will promote and expand the CoderDojo initiative throughout the county to enable young people to develop vital skills and the opportunity to learn how to code in light of the technological advancements which are creating jobs and encouraging creativity.

**3. 1917 Centenary Reflections Conference**
This is a major historical conference celebrating the Irish revolutionary period from 1917 to 1923. The event is a unique collaboration between the Moore Institute of National University of Ireland, Galway the County Roscommon Historical and Archaeological Society and the Heritage Office and Library Service of Roscommon County Council. The conference has attracted leading historians and academics.

**4. Douglas Hyde Conference**
The Douglas Hyde Conference in 2017 will focus entirely on creativity and will feature added elements to this year's programme relating to creativity and culture.

**5. Lets Get Buzzing**
This project will commission a heritage expert to work with community groups to implement community actions from the All Ireland Pollinator Plan 2015 – 2020. This will work to preserve our heritage with a particular focus on landscape and the environment and will also promote individual and community wellbeing.

### CÉIM 1 TIONSCNAIMH/TIONSCADAIL

**1. Féile Líreacán na Leanaí**
Déanfaidh an fhéile cumasú, spreagadh agus tacú le rannpháirtíocht mhéadaithe sa bhféile ealaíona bliantúil do leanaí.

**2. CoderDojo**
Déanfaidh an tionscadal cur chun cinn agus méadú ar thionscnamh CoderDojo ar fud na tíre le cur ar chumas dhaoine óga scileanna riachtanacha a fhorbairt agus deis a bheith acu foghlaim conas códú a dhéanamh i bhfianaise an dul chun cinn teicneolaíochta atá ag cruthú jabanna agus ag spreagadh cruthaitheachta.

**3. Comhdháil Mhachnaimh Chomórtha Céad Bliain 1917**
Is mórchomhdháil stairiúil í seo ag ceiliúradh na tréimhse réabhlóideach in Éirinn ó 1917 go dtí 1923. Is comhoibriú ar leithligh atá san imeacht seo idir Institiúid Moor Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Cumann Staire agus Seandálaíochta Ros Comáin agus an Oifig Oidhreachta agus Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Ros Comáin. Tá an chomhdháil tar éis mórstaraithe agus lucht acadúil a mhealladh.

**4. Comhdháil Dhubhghlas de hÍde**
Beidh Comhdháil Dhubhghlas de hÍde i 2017 dírithe go huile ar chruthaitheacht agus beidh eilimintí breise i gclár na bliana seo a bhaineann le cruthaitheacht agus cultúr.

**5. Lets Get Buzzing**
Déanfaidh an tionscadal seo coimisiúnú ar shaineolaí oidhreachta le hoibriú le grúpaí pobail le gníomhaíochtaí pobail a chur i bhfeidhm ó Phlean Phailneora Uile-Éireann 2015 – 2020. Oibreoidh seo lenár n-oidhreacht a chaomhnú le fócas ar leith ar thírdhreach agus ar chomhshaol agus cuirfear folláine indibhidiúil agus pobail chun cinn freisin.

## 6. Strokestown Symposium

The project, which is organised by Roscommon County Library in conjunction with the Irish Heritage Trust and Strokestown Park House, is a series of lectures over two days with a theme of Women in Literature.

## 7. Arts School – Emerging Visual Artists

Roscommon Arts Centre and Roscommon Arts Office are collaborating on this mentoring education programme for emerging artists in Roscommon who are interested in working in an educational environment but lacking the necessary experience.

## 8. Strokestown Famine Emigrant Walk – Farewell Wake

The event traces the journey of 1,490 tenants from the Mahon Estate in Strokestown Park who went on an assisted emigrant scheme to Canada in 1847. The Farewell Wake is a re-enactment of the night the emigrants left from the Mahon Estate, Strokestown in 1847.

## 6. Siompóisiam Bhéal na mBuillí

Is sraith léachtaí atá sa tionscadal, atá eagraithe ag Leabharlann Chontae Ros Comáin i gcomhar le hIontaobhas Oidhreachta na hÉireann agus Strokestown Park House, thar thréimhse dhá lá leis an téama Mná sa Litríocht.

## 7. Scoil na hEalaíona – Amharc-Ealaíontóirí ag Teacht Chun Cinn

Tá Ionad Ealaíon Ros Comáin agus Oifig Ealaíon Ros Comáin ag comhoibriú le chéile ar an gclár meantóireachta oidheachais seo d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn i Ros Comáin ar spéis leo oibriú i dtimpeallacht oideachais ach nach bhfuil an taithí riachtanach acu.

## 8. Siúlóid Eisimirceach an Ghorta Bhéal na mBuillí – Tórramh Fágála Slán

Déanann an imeacht seo rianú ar thuras 1,490 tionónta ó Eastát Mahon i Strokestown Park chuaigh go Ceanada ar scéim chúnaimh eisimirceach in 1847. Is athachtú atá sa Tórramh Fágála Slán ar an oíche ar fhág na heisimircigh Eastát Mahon, Béal na mBuillí in 1847.



# Promotional Events 2017

## IMEACHTAÍ POIBLÍOCHTA 2017

Pillar 2 of the Creative Ireland initiative invites local authorities to engage with communities to deliver this national strategy. The following section is not an exhaustive list, but illustrates the breadth and diversity of creative events and activities taking place in communities across Roscommon in 2017.

## 1. Community and Voluntary Sector

Roscommon has an active and committed community and voluntary sector, the members of whom make a massive contribution to sustaining what is often referred to as 'civil society' in the county. Community organisations and volunteers (individuals and groups) can be found driving and supporting a broad range of cultural and creative activities. Creative Ireland offers the opportunity for these groups to enhance their partnerships, services and networks. From Tidy Towns to Town Bands, from Active Age Groups to Beekeepers, from Parades to Pipe bands - community and volunteer groups are the lynchpin that sustain a huge variety of creative activities across county Roscommon

## 2. Festivals and Events

Roscommon hosts a wide range of festivals and events including drama and literary festivals, agricultural shows, music festivals, parades, lake and river-based festivals, food festivals and many vintage shows, all of which contribute greatly to the creative offering of the county. The following is a representative list of Roscommon festivals.

- Boyle Arts Festival
- Bealtaine
- The Percy French Festival
- The Strokestown Poetry Festival
- Roscommon Lamb Festival
- Drama Festivals

Tugann Colún 2 den tionscnamh Éire Chruthaitheach cuireadh d'údaráis áitiúla dul i dteagmháil leis an bpobal agus an straitéis náisiúnta seo a chur i bhfeidhm. Ní liosta iomlán atá sa rannán seo a leanas, ach léiríonn sé fairsinge agus éagsúlacht na n-imeachtaí cruthaitheacha agus na ngníomhaíochtaí atá ar siúl i bpobail ar fud Ros Comáin i 2017.

## 1. An Earnáil Phobail agus Dheonach

Tá earnáil phobail agus dheonach gníomhach agus díograiseach i Ros Comáin, a gcuireann a bhaill go hollmhór leis an sochaí shibhialta, mar a thugtar go minic uirthi, a chothú sa chontae. Is féidir eagraíochtaí agus oibrithe deonacha sa phobal (daoine aonair agus grúpaí) a fháil ag tiomáint agus ag tacú le réimse leathan de ghníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha. Tugann Éire Chruthaitheach deis do na grúpaí seo feabhas a chur ar a gcomhpháirtíochtaí, a seirbhísí agus a líonraí. Ó Bhailte Slachtmhara go Bannaí Bhaile, ó Ghrúpaí Gníomhach ag Dul in Aois go Beachairí, ó Pharáidí go bannaí Píob – is iad na grúpaí pobail agus deonacha an crann seasta a chothaíonn iliomad de ghníomhaíochtaí éagsúla cruthaitheacha ar fud chontae Ros Comáin.

## 2. Féilte agus Imeachtaí

Déanann Ros Comáin óstáil ar réimse leathan d'fhéilte agus d'imeachtaí ar a n-áirítear féilte drámaíochta agus litríochta, seónna talmhaíochta, féilte ceoil, paráidí, féilte loch agus abhainn-bhunaithe, féilte bia agus iliomad seónna seanré, a gcuireann siad go léir go mór le tairiscint chruthaitheach an chontae. Seo a leanas liosta ionadaíoch d'fhéilte Ros Comáin.

- Féile Ealaíon Mhainistir na Búille
- Bealtaine
- Féile Percy French
- Féile Filíochta Bhéal na mBuillí

- County Fleadh
- O'Carolan Harp Festival
- Lakes and Legends Festival
- Rose Festivals
- The Ploughing Championships
- All Ireland and all Nations Sheep Shearing and Wool Handling Championships

## 3. Venues

Roscommon's infrastructure of arts and cultural venues as well as a range of independent, community and private creative spaces - will be instrumental in promoting the Creative Ireland programme in Roscommon 2017 - 2022. Cultural venues provide a focal point for the arts and a platform from which audiences can have access to a diverse range of quality local, national, international creative experiences. Roscommon's cultural infrastructure includes a broad variety of cultural spaces wherein the Creative Ireland initiative can be animated, such spaces include:

- Roscommon Arts Centre
- King House Boyle
- Strokestown Park House and The National Famine Museum
- Clonalis House
- Castlecoote House
- Lough Key Forest Park
- Boyle Abbey
- Douglas Hyde Centre
- Aras an Chontae
- Rathcroghan Visitors Centre
- Derryglad Folk Museum
- Drum Heritage Centre
- The Arigna Mining Experience
- Trinity Arts Centre, Castlerea.
- Community Centres around the County
- County Roscommon Heritage and Genealogy Centre

- Féile Uan Ros Comáin
- Féilte Drámaíochta
- Fleadh an Chontae
- Féile Chláirsí Uí Chearbhalláin
- Féile Lakes and Legends
- Féilte Róis
- An Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta
- Craobhchomórtais na hÉireann agus na Náisiún uile i Lomadh Caorach agus Láimhseáil Olla

## 3. Ionaid

Beidh infreastruchtúr na n-ionad ealaíon agus cultúrtha, chomh maith le réimse de spásanna cruthaitheacha neamhspleácha, pobail agus príobháideacha, ríthábhachtach maidir leis an gclár Éire Chruthaitheach a chur chun cinn i Ros Comáin 2017 – 2022. Soláthraíonn ionaid chultúrtha pointe fócasach do na healaíona agus ardán óna mbeadh rochtain ag lucht spéise ar réimse éagsúil eispéireas cruthaitheach áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta ar ardchaighdeán. Áirítear in infreastruchtúr cultúrtha Ros comáin réimse leathan de spásanna cultúrtha mar ar féidir beocht a chur i dtionscnaimh Éire Chruthaitheach, agus áirítear ar na spásanna seo:

- Lárionad Ealaíon Ros Comáin
- Teach King, Mainistir na Búille
- Strokestown Park House agus Músaem Náisiúnta an Ghorta
- Clonalis House
- Castlecoote House
- Páirc Fhoraoise Loch Cé
- Mainistir na Búille
- Ionad Dhubhghlas de hÍde
- Áras an Chontae
- Ionad Cuairteoirí Ráth Cruachan
- Daonmhúsaem Dhoire Ghlad
- Ionad Oidhreachta an Droma
- Taithí Mianadóireachta na hAirgní
- Ionad Ealaíon na Tríonóide, An Caisleán Riabhach.



## 4. Heritage

County Roscommon has a rich and diverse built and cultural heritage. Part of its character is from the variety of its landscape - from the northern hills, across the drumlins and lakes to the River Shannon. Roscommon's heritage resides all around us – it consists of the past and evolves with us daily. It is archaeology, buildings, trees, wildlife habitats, geology, inland waterways, heritage gardens and parks, folklore, lakes, flora and fauna. It includes great country houses and everyday buildings within our towns and villages.

## 5. Libraries

County Roscommon offers a network of six libraries. Libraries treasure much of what is unique to the county, they connect with their communities to promote, develop and showcase creativity. Through storytelling, libraries encourage children to stretch their imagination, through author visits they encourage writing skills, through competitions they challenge their members to write and draw and build - and through exhibitions libraries showcase the work of local groups and local artists.

- Ionaid Pobail ar fud an Chontae
- Ionad Oidhreachta agus Ginealais Chontae Ros Comáin

## 4. Oidhreacht

Tá oidhreacht thógtha agus chultúrtha éagsúil agus saibhir ag Contae Ros Comáin. Baineann cuid dá saintréithe le héagsúlacht a thírdhreacha – ó na cnoic ó thuaidh, trasna na ndroimníní agus na lochanna go dtí an tSionainn. Tá oidhreacht Ros Comáin inár dtimpeall – baineann sé leis an am atá caite agus athraíonn sé in aghaidh an lae linn. Baineann sé le seandálaíocht, foirgnimh, crainn, gnáthóga fiadhúlra, geolaíocht, uiscebhealaí intíre, gairdíní agus páirceanna oidhreachta, béaloideas, lochanna, plandaí agus ainmhithe. Áirítear ann na tithe móra tuaithe agus na gnáthfhoirgnimh inár mbailte agus ár sráidbhailte.

## 5. Leabharlanna

Tá líonra de sé leabharlann le tairiscint ag Contae Ros Comáin. Is luachmhar leis na leabharlanna mórán dá bhfuil uathúil sa chontae, ceanglaíonn siad lena bpobal agus déanann siad cruthaitheacht a chur chun cinn, a fhorbairt agus a léiriú. Trí scéalaíocht, spreagann leabharlanna leanaí lena samhlaíocht a shíneadh, trí údair a theacht ar cuairt spreagann siad scileanna scríbhneoireachta, trí chomórtais tugann siad dúshlán dá mbaill le bheith ag scríobh ag déanamh líníochta agus ag tógáil – agus trí thaispeántais cuirtear saothar ghrúpaí áitiúla agus ealaíontóirí áitiúla os comhair an phobail.

# Conclusion

## CONCLÚID

Roscommon County Council's Culture Team look forward to harnessing the same creativity, self- expression and depth of self-reflection which were so evident in Ireland 2016, and Pillar 2 of the new Creative Ireland Programme enables Roscommon County Council to ensure its citizens have the opportunity to engage meaningfully in cultural and creative activities.

Tá Foireann Chultúir Chomhairle Contae Ros Comáin ag tnúth leis an gcruthaitheacht, leis an bhféinléiriú agus le doimhneacht an fhéinmhachnaimh chéanna a bhí chomh feiceálach sin in Éire 2016 a thiomsú, agus cuireann Colún 2 den Chlár nua Éire Chruthaitheach ar chumas Chomhairle Contae Ros Comáin a chinntiú go mbíonn deis ag a saoránaigh páirt dháiríre a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha.



creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland*
*Programme*
2017–2022